Otharlann Leitir Ceanainn

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin otharlann i Leitir Ceanainn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat na focail Bhéarla a cheangal leis na focail Ghaeilge?

1) flooded	a. bac tuillte
2) overcrowding	b. as a riocht
3) flooding barrier	c. le hearcú
4) to recruit/ employ	d. ag impí
5) emergency unit	e. cóir leighis
6) big achievement	f. rannóg éigeandála
7) pleading	g. i dtuillte
8) distorted, out of kilter	h. éacht mór
9) river banks	i. bruacha
10) medical treatment	j. róphlódú

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 Cad é ábhar na tuairisce? Déan plé leis an duine in aice leat faoi.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth a raibh an tAire James Reilly i Leitir Ceanainn?
2. Cén fáth ar luadh na fíricí seo – 40 milliún / 70% / 600,000?
3. Cén fáth ar impigh Sinéad Ó Gormáin ar an Aire breis foirne a chur ar fáil?
4. Cén fáth a raibh tuismitheoirí áirithe ag léirsiú taobh amuigh den ospidéal?

Ceist 4 '…breis **foirne**…' agus '…cóir **leighis**…'

Tá na focail a bhfuil cló dubh orthu thuas sa tuiseal ginideach, uatha. An féidir leat na focail idir lúibíní a chur sa tuiseal ginideach uatha anois.

1) Bus (Éire): _____
2) múinteoir (scoil): _____
3) ábhar (ollscoil): _____
4) tuileadh (airgead): _____
5) bád (seol): _____
6) clár (teilifís): _____
7) oifigeach (teanga): _____
8) gloine (fíon): _____
9) leabhar (gramadach): _____
10) ríomhaire (glúin): _____

Ceist 5 Éist le hAoife Nic Pháidín atá ag caint ag deireadh na míre agus freagair na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Breac síos trí fhrása nó trí fhocal, ar a laghad, a léiríonn go bhfuil canúint Uladh ag an gcainteoir. Cén leagan atá agat féin orthu?
2. Cad a cheapann tú faoi chanúint Uladh?
3. Cén fáth ar úsáid an cainteoir a ***ringeáil*** in áit ***glao / scairt a chur***, dar leat?
4. An gcuireann tú féin ***–eáil*** nó ***–áil*** ag deireadh focail Bhéarla? Cén fáth?

Ceist 6 Éist leis an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den bhriathar saor a chloiseann tú inti.

_____

_____

1. Cén aimsir lena mbaineann gach sampla den bhriathar saor?
2. An bhfuil aon leagan den bhriathar saor sa tuairisc atá an-chanúnach? Cén ceann?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
g	j	a	c	f	h	d	b	i	e

Ceist 2
Pléigh ábhar na míre leis na foghlaimeoirí tar éis éisteacht léi arís.

Ceist 3
1. D'fhill an Dr James Reilly ar Leitir Ceanainn leis an rannóg a athoscailt inniu agus chun súil a chaitheamh ar an obair dheisiúcháin.
2. 40 milliún – an méid a chosnóidh sé an t-ospidéal a atógáil. 70% - an méid seirbhísí a cuireadh ar ceal de bharr na dtuillte. €600,000 – an méid airgid a chosnóidh sé ar bhac tuillte a thógáil sa sruthán ar chúl an ospidéil.
3. Chun déileáil le fadhb an róphlódaithe.
4. Bhí siad ag impí ar an Aire Sláinte gan tuilleadh seirbhísí cúraim diaibéitis a chiorrú.

Ceist 4
1) Bus (Éire): **Éireann**
2) múinteoir (scoil): **scoile**
3) ábhar (ollscoil): **ollscoile**
4) tuileadh (airgead): **airgid**
5) bád (seol): **seoil**
6) clár (teilifís): **teilifíse**
7) oifigeach (teanga): **teanga**
8) gloine (fíon): **fíona**
9) leabhar (gramadach): **gramadaí**
10) ríomhaire (glúin): **glúine**

Ceist 5
1. a dhath – aon rud, ciotach – mícheart, cha dtig linn – ní féidir linn
2 – 4. Tuairimíocht atá i gceist.

Ceist 6
Rinneadh – an aimsir chaite.
Cuireadh – an aimsir chaite.
Druideadh – an aimsir chaite, canúint Uladh, *dúnadh* atá sna canúintí eile.
Leanfar – an aimsir fháistineach.
Meastar – an aimsir láithreach.

Emer Ní Chonaola
Rinne an tAire Sláinte, James Reilly, rannóg éigeandála otharlann Leitir Ceanainn a athoscailt ar maidin. Rinneadh damáiste mór don otharlann i dtuillte i mí Iúil seo caite agus cuireadh go leor seirbhísí leighis as a riocht. Cosnóidh sé breis is ceathracha milliún euro an t-ionad a atógáil arís.

Áine Ní Bhreisleáin
Ní raibh rannóg éigeandála Otharlann Leitir Ceanainn foscailte[1] fiú bliain nuair a scrios tuillí[2] é ar an seisiú[3] lá fichead d'Iúil anuraidh. Cuireadh as do 70% de sheirbhísí, druideadh na bardaí[4] agus cuireadh othair thar teorainn le cóir leighis a fháil. D'fhill an Dr James Reilly ar Leitir Ceanainn leis an rannóg a athoscailt inniu agus súil a chaitheamh ar an obair dheisiúcháin. Cosnóidh sé sé chéad míle euro bac tuillte a thógáil ag sruthán ar chúl na hotharlainne a chuaigh thar a bruacha anuraidh.

An Dr Conall Mac a' Bhaird
Bhí sé an-deacair d'fhoireann iomlán an ospidéil agus ba mhaith liomsa buíochas a thabhairt don fhoireann ar fud an ospidéil agus do na daoine a tháinig isteach ón cheantar le cuidiú ag an am sin. Ó thaobh obair tríd na deacrachtaí sílim go ndearna foireann an ospidéil éacht mór.

Áine Ní Bhreisleáin
Dúirt Sinéad Ó Gormáin, Stiúrthóir Leighis Éigeandála nach leigheasfaidh an rannóg athchóirithe seo an fhadhb le róphlódú i Leitir Ceanainn. D'impigh sí ar an Aire Sláinte breis foirne a chur ar fáil anseo. Dúirt an tAire Reilly go bhfuil sé deacair dochtúirí a mhealladh go háiteacha ar nós Leitir Ceanainn mar go measann siad go bhfuil sé i bhfad ó chathracha móra. Bhí agóid ag tuismitheoirí páistí a bhfuil diaibéiteas orthu ag geataí na hotharlainne, ag impí ar an Aire Sláinte gan seirbhísí cúraim diaibéitis a chiorrú.

Aoife Nic Pháidín, tuismitheoir
Tá an bhanaltra caillte againn as an ospidéal. Bhí banaltra againn a dtiocfadh linn scairt a chur uirthi dá mbeadh a dhath ciotach leis na páistí agus ta sí bogtha go dtí post eile anois. Agus má tá rud ar bith ciotach leis na páistí cha dtig linn, níl sin againn – a bheith ábalta an t-ospidéal a *ringeáil.*

Áine Ní Bhreisleáin
Dúirt údaráis na hotharlainne go bhfuil siad ag déanamh athstruchtúrú ar na háiseanna atá ar fáil agus go mbeidh altraí le hearcú, ag díriú ar chúraim páistí agus ar chúram do dhaoine fásta leis an ghalar. Fosclóidh[5] an rannóg éigeandála agus an tAonad Measúnaithe Géarleighis don phobal arís ar a hocht a chlog ar maidin, Dé Céadaoin, ar an dara lá déag de mhí an Mhárta. Leanfar ar aghaidh le hobair thógála anseo ag an otharlann agus meastar go dtógfaidh sé ocht mí dhéag sula mbeidh sé uilig críochnaithe. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i Leitir Ceanainn i gCo. Dhún na nGall.

[1] an leagan Ultach den fhocal *oscailte*
[2] an leagan Ultach den fhocal *tuillte*
[3] an leagan Ultach den fhocal *séú*
[4] *wardaí* a deirtear
[5] an leagan Ultach den bhriathar *oscail* san aimsir fháistineach